**Dáta an Leagain seo den Fhoirm: 08/2015**

RFA 2

# CLÁR NA dTOGHTHÓIRÍ

## Iarratas ó dhaoine chun a n-ainm a chur san áireamh san Fhorlíonadh le Clár na dToghthóirí 2022/2023

**Léigh na nótaí go cúramach, le do thoil, sula gcomhlánóidh tú an fhoirm.**

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 1. | Ainm: **(bloclitreacha)** | | | | | | | |
| | [Cuir isteach mionsonraí eile, le do thoil, amhail Mór, Beag, ainm eile nó túslitir, má tá duine eile ag a bhfuil an túsainm nó an sloinne céanna ina chónaí nó ina cónaí ag an seoladh céanna.] | | | | | | | |
| 2. | Seoladh: **(bloclitreacha)** | | | | | | | |
| | Eircode: | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| 3. | Dáta Breithe: | | | | | | | |
| 4. | Cén uair a chuaigh tú chun gnáthchónaithe ag an seoladh thuas? | | | | | | | |
| 5. | Cá háit a raibh gnáthchónaí ort díreach roimh an seoladh seo? **(bloclitreacha)** | | | | | | | |
| | Eircode: | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| 6. | Má bhí gnáthchónaí ort ag aon seoladh(seoltaí) ó 1 Meán Fómhair 2020 (seachas na cinn a luaitear i 2 agus 5), tabhair na mionsonraí le do thoil: | | | | | | | |
| | Eircode: | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |

7\. Cuir (√) **i mbosca amháin**, le do thoil, chun a thaispeáint cén grúpa lena mbaineann tú:

| | | | |
|---|---|---|---|
| • Saoránach d'Éirinn | ☐ | • saoránach Briotanach | ☐ |
| • náisiúnach de Bhallstát AE eile (seachas an Ríocht Aontaithe) | ☐ | • náisiúnach de thír neamh-AE | ☐ |

8.(a) Cuir tic (√) **i mbosca amháin**, le do thoil, chun a thaispeáint cén grúpa lena mbaineann tú:

| | |
|---|---|
| • bhí cláraithe roimhe seo mar thoghthóir | ☐ |
| • tá cláraithe faoi láthair mar thoghthóir | ☐ |
| • ní raibh cláraithe riamh mar thoghthóir | ☐ |

| 8.(b) | | |
|---|---|---|
| | Má tá/bhí tú cláraithe mar thoghthóir, tabhair le do thoil seoladh an chlárúcháin: **(bloclitreacha)** | |
| | Eircode: | ☐ ☐ ☐ ☐ ☐ ☐ ☐ |

| 9. | | |
|---|---|---|
| | **An Clár faoi Eagarthóireacht:** Más mian leat **nach ndéanfar** do chuid mionsonraí a chur san áireamh sa Chlár faoi eagarthóireacht, cuir (√ ) sa bhosca do rogha an diúltaithe: | Bosca chun rogha an diúltaithe a chur i bhfeidhm ☐ |

10.

**Dearbhú**

Ní mór an chuid seo a shíniú os comhair comhalta den Gharda Síochána as Stáisiún Gardaí áitiúil an iarratasóra (cuid 11 (a)) nó, mura bhfuil sin indéanta, os comhair Oifigieach ón Údarás Clárúcháin (cuid 11(b)) nó mura bhfuil ceachtar rogha indéanta ba chóir cuid 11(c) a chomhlánú.

Creidim go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha agam thuas fíor agus déanaim iarratas m'ainm a áireamh ar an bhForlíonadh a ghabhann le Clár na dToghthóirí.

| | |
|---|---|
| Síniú an Iarratasóra: | |
| Dáta: | |
| Uimhir theileafóin i rith an lae/Uimhir Fóin Póca: | |
| Ríomhphost: | |

11.(a)

**Deimhniú Céannachta**

Ní mór do chomhalta den Gharda Síochána ó Stáisiún Gardaí áitiúil an iarratasóra an chuid seo a chomhlánú.

Deimhím gur deimhin liom céannacht an iarratasóra a bhfuil cuid 10 sínithe aige/aici os mo chomhair **nó** deimhním gur deimhin liom gur de réir na sonraí thíos atá aithne ag na húdaráis inimirce in Éirinn ar an iarratasóir a shínigh cuid 10 os mo chomhair:

| | |
|---|---|
| Céadainm an Iarratasóra: **(bloclitreacha)** | |
| Sloinne an Iarratasóra: **(bloclitreacha)** | |

| | | |
|---|---|---|
| Síniú an Gharda: | | Stampa an Stáisiúin |
| Ainm an Gharda: **(bloclitreacha)** | | |
| Céim: | | |
| Uimhir Garda: | | |
| Fón: | | |
| Dáta: | | |

11.(b)

| |
|---|
| Níor chóir an chuid seo a chomhlánú **ach amháin** mura bhfuil tú ábalta 11(a) thuas a chomhlíonadh. |
| An chúis nach bhféadfadh comhalta den Gharda Síochána ó do Staisiún Gardaí áitiúil an fhoirm a chomhlánú:- |
| |
| |
| |
| |
| |

| | | |
|---|---|---|
| Síniú an Oifigigh ón Údarás Clárúcháin: | | Stampa an Údaráis Chlárúcháin |
| Ainm an Oifigigh ón Údarás Clárúcháin: **(bloclitreacha)** | | |
| Grád: | | |
| Dáta: | | |

11.(c)

| |
|---|
| Níor cheart do lia-chleachtóir an chuid seo a chomhlánú **ach amháin** mura bhfuil tú ábalta 11(a) nó 11(b) thuas a chomhlíonadh de bharr tinneas coirp nó míchumas coirp a bheith ort. |
| **Teastas Dochtúra** |
| Cineál agus méid an tinnis nó an mhíchumais: |
| |
| |
| |
| |
| |

| | |
|---|---|
| An t-achar a mheastar a leanfaidh an tinneas nó míchumas: | |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Síniú an Lia-Chleachtóra Chláraithe: | | | | | | | |
| Ainm an Lia-Chleachtóra Chláraithe: **(bloclitreacha)** | | | | | | | |
| Seoladh: **(bloclitreacha)** | | | | | | | |
| Eircode: | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Dáta: | | | | | | | |

## NOTAÍ A GHABHANN LE FOIRM RFA 2

### Iarratas chun ainm a chur san áireamh san Fhorlíonadh a ghabhann le Clár na dToghthóirí

**1.** Is é is cuspóir don fhoirm seo an bealach a réiteach do vótálaithe incháilithe nach bhfuil a n-ainm ar chlár reatha na dtoghthóirí reatha agus ar mian leo a n-ainm a chur san áireamh san fhorlíonadh a ghabhann le clár na dtoghthóirí chun go mbeidh siad in ann vóta a chaitheamh i dtoghcháin agus i reifrinn a bheidh ar bun sula dtiocfaidh chéad chlár na dtogthóirí eile i bhfeidhm.

Cé nach bhfuil aon srianta ann i dtaobh cathain a fhéadfar an fhoirm a chomhlánú agus a chur ar ais chuig an údarás clárúcháin, ní bhreithneofar le cur san áireamh ar an bhforlíonadh do thoghchán ach na foirmeacha sin a fhaightear roimh an 14ú lá roimh lá na vótála (gan Domhnach, Saoire Bainc agus Aoine an Chéasta san áireamh) i dtoghchán nó reifreann. Ní phróiseáilfear iarratais a bheidh déanach go dtí tar éis lá na vótála.

**2.** Chun d’ainm a áireamh ar an bhforlíonadh:

(a) ní mór duit a bheith 18 mbliana d’aois (féach nóta 3);

(b) ní mór gnáthchónaí a bheith ort ag an seoladh ag ar mian leat a bheith cláraithe; agus

(c) ní mór duit gan a bheith cláraithe cheana mar thoghthóir – seachas i gcás athrú seoladh (féach 11 thíos) nó athrú ar stádas vótálaí ar shaoránacht Éireannach a fháil (féach 12 thíos)

**3.** Maidir le 2 (a) thuas, beidh duine incháilithe lena ainm a chur san áireamh san fhorlíonadh a ghabhann leis an gclár an lá a mbeidh an té sin 18 mbliana d'aois nó aon lá ina dhiaidh sin lena n-áirítear laethanta a thiteann idir an lá deiridh a nglacfar le hiarratais agus an lá vótaíochta. Ba cúnamh a bheadh ann nuair a bheifí ag breithniú iarratas ó dhuine atá 18 mbliana d'aois dá mbeadh cóip de theastas breithe an té sin nó doiciméad comhchosúil istigh leis an bhfoirm.

**4.** Ní mór do gach duine a dhéanann iarratas ar a ainm/hainm a chur san áireamh san fhorlíonadh foirm ar leithligh a chomhlánú agus a shíniú. Ní mór an fhoirm a sheoladh chuig an údarás clárúcháin nó don iarratasóir í a sheachadadh air. Chun moill ar phróiseáil d'iarratais a sheachaint, cinntigh le do thoil go gcomhlánóidh tú an fhoirm ina hiomláine agus í a sheoladh ar ais sa phost chuig an gComhairle Cathrach, chuig an gComhairle Contae nó chuig an gComhairle Cathrach agus Contae ar ina limistéir a chónaíonn tú.

**5. Eircode**

Is é atá in Eircode ná an córas náisiúnta postchód in Éirinn agus cuimsíonn sé postchód uathúil 7 ndigit atá sannta do gach seoladh dá bhfuil ann in Éirinn.

**6. An Clár faoi Eagarthóireacht – Dhá Leagan den Chlár**

Tá sé de cheangal ar údaráis chlárúcháin dhá leagan den chlár a fhoilsiú – an clár iomlán agus an clár faoi eagarthóireacht. Sa chlár iomlán, liostaítear gach duine atá i dteideal vóta a chaitheamh agus ní féidir é a úsáid ach amháin chun críche toghcháin nó chun críche reachtúla eile.

Sa **chlár faoi eagarthóireacht**, faightear ainmneacha agus seoltaí daoine ar féidir a gcuid mionsonraí a úsáid ar mhaithe le nithe seachas cúrsaí toghcháin nó cúrsaí reachtúla eile e.g. ar mhaithe lena n-úsáid i gcomhair margaíochta dírí ag eagraíocht tráchtála nó ag eagraíocht de chineál eile. Más rud é nach mian leat do chuid mionsonraí a bheith san áireamh sa chlár faoi eagarthóireacht, is ceart duit (√ ) a chur isteach sa **bhosca chun rogha an diúltaithe a chur i bhfeidhm**. Más mian leat do chuid mionsonraí a bheith san áireamh (i.e. ar fáil le haghaidh úsáidí neamhreachtúla), ní ceart duit (√ ) a chur isteach sa bhosca chun rogha an diúltaithe a chur i bhfeidhm.

**7. Dearbhú/Deimhniú Céannachta**

(a) Ní mór an dearbhú i gcuid 9 a shíniú os comhair comhalta den Gharda Síochána as do Stáisiún Gardaí áitiúil. Más deimhin leis an nGarda cé tú féin déanfaidh sé nó sí cuid 11 (a) den fhoirm a shíniú agus é a stampáil. Más gá, d'fhéadfadh doiciméad aitheantais le grianghraf (m.sh. pas, ceadúnas tiomána srl.) a bheith de dhíth agus ba chóir duit a bheith

ábalta doiciméad aitheantais den chineál sin chomh maith le doiciméid aitheantais tacaíochta a chur ar fáil le cuidiú le Gardaí.

(b) Mura féidir déanamh mar a leagtar amach ag 7(a) thuas, is féidir an fhoirm a fhianú ag oifigí an údaráis chlárúcháin agus sa chás sin ní mór cuid 11(b) den fhoirm a chomhlánú. Ní mór an chúis nach bhféadfadh comhalta den Gharda Síochána as do Staisiún Gardaí áitiúil an fhoirm a chomhlánú a thabhairt i scríbhinn:- Ba chóir duit doiciméad aitheantais le grianghraif chomh maith le doiciméid aitheantais tacaíochta eile a thabhairt leat chuig an údarás clárúcháin.

(c) Mura féidir leat déanamh mar a leagtar amach in (a) nó (b) thuas de bharr tinneas coirp nó míchumas coirp a bheith ort ní mór do lia-chleachtóir cuid 11 (c) den fhoirm a chomhlánú.

**8.** Cuirfear ar an eolas tú a luaithe agus is féidir faoin gcinneadh a rinneadh maidir le d'iarratas. Sa chás is go ndiúltaítear d'iarratas, tá sé de cheart agat achomharc a dhéanamh in aghaidh chinneadh an chláraitheora contae. Foilseofar an forlíonadh sa tréimhse díreach roimh lá na vótaíochta i dtoghchán nó reifreann.

**9.** Tá mionsonraí teagmhála á lorg ar eagla gur gá don údarás clárúcháin teagmháil a dhéanamh leat chun aon mhionsonraí atá san iarratas a shoiléiriú.

**10.** Is cion é mainneachtain aon fhaisnéis a theastaíonn ón údarás clárúcháin nó ón gcláraitheoir contae chun críche a ndualgas a thabhairt don údarás nó don chláraitheoir sin nó faisnéis bhréagach a thabhairt go feasach.

11. **Ná bain leas as an bhfoirm seo** má tá tú ar chlár na dtoghthóirí agus má bhog tú áit chónaithe i nDáilcheantar nó i dtoghlimistéar áitiúil amháin go Dáilcheantar nó toghlimistéar áitiúil eile. Más mian leat iarratas a dhéanamh d'ainm a áireamh ar an bhforlíonadh a bhaineann leis an Dáilcheantar/toghlimistéar áitiúil ina bhfuil tú i do chónaí anois tá foirm ar leithligh le fáil ó d'údarás clárúcháin chun na críche sin (Foirm RFA3 - Athrú Seoladh).

12. **Ná bain leas as an bhfoirm seo** má tá tú ar chlár na dtoghthóirí mar thoghthóir i dtoghcháin Áitiúla, Eorpacha nó Dála agus má tá saoránacht Éireannach bainte amach agat agus más mian leat clárú chun vóta a chaitheamh i ngach toghchán agus reifreann. Más mian leat iarratas a dhéanamh d'ainm a áireamh ar an bhforlíonadh ar an mbonn sin tá foirm ar leithligh le fáil ó d'údarás clárúcháin chun na críche sin (Foirm RFA5).